



An  
Phríomh-Oifig  
Staidrimh

Central  
Statistics  
Office

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2018







An  
Príomh-Oifig  
Staidrimh

Central  
Statistics  
Office

# Tuarascáil Bhliantúil 2018

Arna fhoilsiú ag  
Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann,  
Márta 2019

# Clár an Ábhair

Brollach.....	lch1
Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir.....	lch 2
Ár gcuaspóirí straitéiseacha.....	lch 3
Iarscríbhinn 1: Bearta um Laghdú in Úsáid Fuinnimh.....	lch 16
Iarscríbhinn 2: Cairt Eagrúcháin.....	lch 17
Iarscríbhinn 3: Monatóir Tráthúlachta 2018.....	lch 19
Iarscríbhinn 4: Nochtadh Cleachtas Íocaíochta.....	lch 31

# Brollach

ón Aire



Fáiltím roimh an gcéad tuarascáil seo ar an Ráiteas Straitéise 2017-2019, ina léirítear an dul chun cinn a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh (an Oifig) ar a cuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach le linn na bliana 2018. Is é seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil uaim ar Ráiteas Straitéise na hOifige ó d'éirigh mé i mo Phríomh-Aoire agus i m'Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

Cabhraíonn staidreamh ar dhea-chaighdeán le daoine tuiscint a ghnóthú ar na hathruithe a bhíonn ar siúl i ngeilleagar agus sochaí na hÉireann agus is cúis áthais dom go leanann an Oifig le staidreamh agus léargas neamhspleách a thabhairt chun bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht agus cinnteoireacht éifeachtach ar fud an Rialtais, an tsaoil ghnó agus ár bpobal.

Tagraítear sa tuarascáil seo do na foilseacháin nua a eisíodh sa bhliain 2018. Is foilseacháin iad sin lena gcuirtear leis an sreabhadh leanúnach faisnéise agus ba mhaith liom trácht a dhéanamh ar chúpla ceann díobh a cheap mo shúil i ndáil le cinntí eolacha a dhéanamh ar gheilleagar na hÉireann. Áirítear leo sin Trádálaithe Éireannacha agus an Ríocht Aontaithe 2016, ina ndéantar anailís ar na hearraí a onnmhairíodh ón Ríocht Aontaithe agus a allmhairíodh chuici maidir leis an líon agus an cineál fiontar atá i mbun trádála; foilseachán nua dar teideal Earnáil an Airgeadais i gCuntais Náisiúnta na hÉireann 2016, ina dtugtar léargas tábhachtach d'úsáideoirí ar na sócmhainní, na poist agus an breisluach a ghabhann le fo-earnálacha an tionscail seirbhísí airgeadais; agus na torthaí cuimsitheacha bliantúla loncaim agus Caiteachais Rialtais don tréimhse 2012-2017, a foilsíodh i mí Iúil 2018 chun na torthaí rialta ráithiúla ar Staidreamh Airgeadais Rialtais a chomhlánú.

Níos mó agus níos mó, bíonn ag éirí leis an Oifig an gealltanais straitéiseach uithi a chomhlíonadh chun cur le tiomsú neamhspleách an staidrimh oifigiúil, de réir an tsainchúraim thraidisiúnta atá uirthi, agus eolas agus léargas breisluacha a thabhairt ar na príomhearnálacha den gheilleagar agus ar fhorbairtí i sochaí na hÉireann. I gcomhthéacs thimpeallacht "iarfhírinne" na linne seo, baineann ríthábhacht le neamhspleáchas den sórt sin agus le tiomsú neamhchlaon fíricí agus faisnéise fianaisebhunaithe maidir le heolas a thabhairt don lucht déanta beartas, do ghnólachtaí agus do gach duine atá ag iarraidh sochaí chóir chothrom a fhorbairt.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na hOifige as a gairmiúlacht leanúnach agus as a tiomantas leanúnach do cháilíocht agus nuálaíocht a bhaint amach. Fianaise ar an méid sin is ea a dhiongbháilte a bhíonn siad i gcónaí iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí níos fearr chun léargas staidrimh a thabhairt don raon úsáideoirí is leithne is féidir ar shochaí agus geilleagar na hÉireann.

Seán Kyne, T.D.

**Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh**  
Márta 2019

# Réamhrá

## ón Ard-Stiúrthóir



Fáilte go dtí an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn ar an Ráiteas Straitéise 2017-2019, rud trína bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis an obair a rinneadh faoin Ráiteas Straitéise 2016-2019. Ba i mí na Nollag 2016 a foilsíodh an Straitéis don tréimhse 2016-2019 ar dtús. Leasáíodh ina dhiaidh sin í ar aon dul le dualgais faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 de bharr cheapachán an Aire Stáit nua i mí na Bealtaine 2017. Tá na gníomhartha atá leagtha amach sa Ráiteas don bhliain 2017 ag teacht go fóill leo sin a foilsíodh sa bhliain 2016.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo an déchuspóir atá againn fianaise a chur ar fáil chun tacú le cinntí beartais agus saoránaigh a chumhachtú trí fhaisnéis chruinn iontaofa a thabhairt dóibh agus, ar an mbealach sin, tacú le díospóireacht, plé agus ceapadh tuairimí atá bunaithe ar fhíricí. Má tá sí chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh, beidh ar an Oifig dea-thorthaí a bhaint amach ar fud sraith chasta gníomhaíochtaí. Beidh athruithe inmheánacha agus struchtúrtha ag teastáil chun roinnt de na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích. Ag an am céanna, díreofar i ngníomhaíochtaí eile ar aschuir fheabhsaithe nua a tháirgeadh lena n-úsáid ag daoine ó gach cuid den speictream, idir shainanailísithe beartais agus shaoránaigh a bhfuil spéis acu i gcúrsaí staidrimh. Tá mionsonraí ann ar fud an doiciméid seo faoin obair a rinneadh chun tacú leis na haidhmeanna sin.

Bhí teacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ar cheann de na forbairtí is tábhachtaí do choimeádaithe, próiseálaithe agus rialaitheoirí sonraí le linn na bliana 2018. Is é is aidhm don Rialachán Eorpach sin trédhearcacht, slándáil agus cuntasacht a bhaint amach agus sonraí pearsanta á láimhseáil agus caighdeánú agus neartú a dhéanamh ar an gceart atá ag saoránaigh na hEorpa chun príobháideacht sonraí. Aithnítear sa Rialachán an ról speisialta atá ag Údaráis Staidrimh Náisiúnta amhail an Phríomh-Oifig Staidrimh agus na hoibleagáidí atá orthu Staidreamh Oifigiúil a

tháirgeadh. Ní athraítear an fheidhm reachtúil sin ar aon bhealach mar thoradh ar an Rialachán Ginearálta. Dá réir sin, leanann an Oifig le faisnéis a bhailiú ar bhealach dleathach ó raon leathan foinsí chun buntacú lena cuid oibre. Leagtar amach go soiléir san Acht Staidrimh, 1993, gur chun críocha staidrimh agus chuige sin amháin a úsáidfear an fhaisnéis a bhaileoidh an Oifig agus go gcaithfear leis an bhfaisnéis sin ar bhealach rúnda le linn na próiseála ar fad. Luach do-athraithe agus prionsabal buan dár gcuid oibre is ea a chinntiú go gcloifear go hiomlán le ráthaíocht dhlíthiúil na rúndachta agus go mbeidh ár ngníomhaíochtaí uile ag teacht leis an reachtaíocht staidrimh agus cosanta sonraí. Sa Rialachán Ginearálta, tacaítear le seasamh na rúndachta agus na príobháideachta sonraí ar bhealach atá seanbhunaithe cheana féin laistigh den Oifig.

Go mall sa bhliain 2018, cuireadh de chúram ar an Oifig tabhairt faoi shuirbhé náisiúnta tábhachtach nua ar leitheadúlacht an fhoréigean gnéis in Éirinn. Mar chéad chéim den obair sin, déanfaidh an Oifig iarracht teacht ar mhodh inar féidir na sonraí pearsanta íogaire sin a bhailiú ar bhealach atá rúnda agus eiticíúil agus atá ceaptha chun tacú le torthaí suirbhé atá cruinn agus iontaofa a bhaint amach. Is iad na treoirphrionsabail a leanfaimid agus an méid sin á dhéanamh againn ná príobháideacht gach duine lena mbaineann a chosaint agus tacú le riachtanais na ndaoine sin. Leathnaíonn suirbhé an-íogair den sórt sin na gnáth-theorainneacha atá le hobair na hOifige agus tá sé sin ag teacht leis an athrú ar riachtanais shochoaí na hÉireann. Iarradh ar an Oifig freisin dul i gceannas, ón mbliain 2023 i leith, ar an staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn, arb é an staidéar fadaimseartha náisiúnta ar leanaí agus an óige é. Ar an mbealach sin, déanfaimid an ghníomhaíocht tábhachtach sin um bailiú, anailís agus tuairisciú sonraí a leabú i réimse an Staidrimh Oifigiúil d'Éirinn.

Tá sannadh na suirbhéanna sin don Oifig mar fhianaise ar an meas agus ar an ómós atá ar an Oifig. Tá sé mar fhianaise freisin ar an ngairmiúlacht a chuirtear síos dár bhfoireann. Féachaimid go fóill le raon leathan aschur faisnéise a sholáthar atá neamhspleách, neamhchlaon agus ar ardchaighdeán agus ina léirítear an éabhlóid shochoaíoch agus gheilleagrach atá i réim in Éirinn. A bhuí leis an tacaíocht leanúnach ó bhail foirne thiomanta sholúbtha na hOifige, d'éirigh linn dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar ár n-aidhmeanna straitéiseacha uile sa bhliain 2018. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo go léir as an obair chrua a rinne siad agus as an ngairmiúlacht agus as an ionracas a thaispeáin siad sa bhliain 2018.

**Pádraig Daltún**

**Ard-Stiúrthóir**

Márta 2019

# Ár gcuspóirí straitéiseacha

1.

## Eolas agus faisnéis do gach duine a dhéanamh de shonraí agus staitisticí

Cuspóir Straitéiseach 1		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2018
Eolas staitistiúil atá tráthúil, ábhartha agus beacht a sheachadadh	Ár gclár oibre staidrimh leathan a sheachadadh	<ul style="list-style-type: none"><li>Sa bhliain 2018, táirgeadh 310 n-eisiúint leictreonacha agus 34 fhoilseachán: ba é sin 344 shaothar san iomlán.</li><li>I measc na dtáirgí nua a eisíodh sa bhliain 2018 bhí Folláine na Tíre 2017; an Suirbhé ar an Lucht Saothair; Léasú Aerárthaí in Éirinn 2007-2016; Trádáil de réir Saintréithe Fiontair 2016; Gnóthachtáil Oideachais 2017; Cóireálacha Súil-Liachta arna Maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2013-2015; Meastacháin Dhlighteanais Pinsin na hÉireann 2015; Táirgiúlacht in Éirinn; Críochnú Aonad Cónaithe Nua; Réamh-mheastacháin Daonra agus Fórsa Saothair 2017-2051; agus an Suirbhé ar Oideachas Aosach 2017.</li><li>I gcomparáid leis an mbuaicbhliain 2008, tháinig laghdú 41.3% ar an mBaraiméadar Ualaigh Freagartha don bhliain 2017. Is é atá sa Bharaiméadar ná tomhas ar an ualach riaracháin iomlán a chuireann suirbhéanna na hOifige ar fhiontair agus gabháiltais talún in Éirinn. Is ar bhonn comhlíonta iarbhír a ríomhtar an t-ualach.</li><li>I mí an Mhárta, tosaíodh an athuair ar staitisticí Coireachta Taiifeadta a fhoilsiú tar éis sos fada. Úsáideadh catagóir nua "Staitisticí faoi Fhorchoimeádas" san fhoilseachán sin chun easnaimh sna bunfhoinsí sonraí a léiriú. Táthar ag súil go réiteofar na heasnaimh sin trí chomhar idir an Oifig agus an Garda Síochána. Tá an chatagóir nua ag teacht leis an mbreithiúnas ón Oifig maidir le conas is féidir freagairt ar an mbealach is fearr don ghá soiléir atá ag úsáideoirí leis na sonraí is cruinne agus is cothroime le dáta atá ar fáil agus ag an am céanna díriú na hOifige ar cháilíocht staidrimh a thabhairt slán.</li></ul>

- Chuir an Oifig tús le tuarascálacha cothrománacha a fhoilsiú, áit a n-úsáideann sí foinsí sonraí riaracháin agus tánaisteacha chun bearnaí tábhachtacha a líonadh ar mhaithe le bonn eolais a chur faoin mbeartas agus faoin bplé poiblí. Bhí an tuarascáil Torthaí Ardoideachais, a foilsíodh i gcomhar leis an Údarás um Ard-Oideachas i mí Eanáir 2018, ar an gcéad cheann de na tuarascálacha sin. Tá sraith aschur eile den chineál céanna ar na bacáin freisin. Cuireadh foilseachán nua ar an ábhar Críochnú Aonad Cónaithe Nua le chéile ach leas a bhaint as cur chuige nuálach i leith na tacair shonraí is fearr atá ar fáil faoi chúrsaí tithíochta a nascadh lena chéile. Fágann sé sin go bhfuil an foilseachán nua ar an anailís is cruinne riamh ar an topaic.

- Foilsíodh na chéad torthaí ón Suirbhé nua ar an Lucht Saothair i mí Eanáir 2018. Bhí sé sin ina aschur tábhachtach ón Tionscadal Forbartha um Shuirbhéanna an Líon Tí atá ar siúl le fada.
- I mí Lúnasa 2018, d'fhoilsigh an Oifig treoirleint maidir le cinntí aicmiúcháin staidrimh (i.e. cinntí maidir le míreanna laistigh nó lasmuigh den chlár comhardaithe Rialtais) chun cur leis an tuiscint atá ag úsáideoirí ar chastachtaí agus riachtanais an phróisis aicmiúcháin staidrimh sin.
- Foilsíodh Córas na gCuntas Sláinte 2016 i mí an Mheithimh 2018 agus áiríodh leis den chéad uair riamh amsraith do chaiteachas cúram sláinte in Éirinn a chuaigh siar go dtí an bhliain 2011.
- Eisíodh foilseachán nua dar teideal Earnáil an Airgeadais i gCuntais Náisiúnta na hÉireann 2016 i mí Lúnasa 2018, rud ina dtugtar léargas tábhachtach d'úsáideoirí ar na sócmhainní, na poist agus an breisluach a ghabhann le fo-earnálacha an tionscail seirbhísí airgeadais.
- **An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach**  
Is é atá sa Chlár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach ná suirbhé ar fhorbair an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta é lena dtomhaistear an inniúlacht atá ag aosáigh i scileanna tábhachtacha próiseála faisnéise - is iad sin, litearthacht, uimhearthacht agus réiteach fadhbanna i dtimpeallachtaí atá faoi réir na teicneolaíochta. Chomhaontaigh an Oifig an suirbhé sin a sheoladh thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna sa bhliain 2021/2022.
- **Staidreamh athbhunaithe gearrthéarmach gnó**  
Sa bhliain 2018, rinneadh an tInnéacs um Tháirgeadh agus Láimhdeachas Tionsclaíoch, an tInnéacs Miondíolacháin, an tInnéacs Míosúil Seirbhísí, an tInnéacs Praghsanna Mórdhiola agus na hInnéacsanna Praghsanna Talmhaíochta a athbhunú de réir 2015=100. Déantar na hinnéacsanna sin a athbhunú gach cúig bliana ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta agus le ceanglais na rialachán staidrimh ón Aontas Eorpach.



<p>Léargas níos fearr a sholáthar ónár n-aschur staitistiúil trí chumarsáidí feabhsaithe lena n-áirítear léirshamhlú agus nascáil le haschur eile staitistiúil</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Lean an Oifig le grafaicí faisnéise a eisiúint chun imeachtaí féilire agus spóirt a chomórath agus nuashonraigh sí Aip na nAinmneacha Leanaí. Eisíodh níos mó ná 50 grafaic faisnéise san iomlán. Is é an pobal i gcoitinne an spriocphobal do na grafaicí sin agus tá sé mar aidhm leo feachtas a mhéadú ar an bhfaisnéis atá ar fáil ón Oifig.</li> </ul>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Bonn John Hooper</b> I mí Dheireadh Fómhair 2018, fógraíodh na torthaí le haghaidh an t-ochtú eagrán de Chomórtas Bhonn Staidrimh John Hooper.</li> <li>• <b>Comórtas an Eolaí Óig – Gradam Sonraí Oscailte</b> The Central D'urraigh an Phríomh-Oifig Staidrimh gradam chun daoine óga a spreagadh sonraí oscailte a úsáid. Bhí an gradam le bronnadh i leith na húsáide is nuálaí a baineadh as sonraí ón Oifig nó i leith na húsáide is nuálaí a d'fhéadfaí a bhaint as sonraí ón Oifig.</li> <li>• Rinne an Oifig óstáil ar Chomhdháil DissComm Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) i gCorcaigh i mí an Mheithimh 2018. Ag an gComhdháil sin, tugadh saineolaithe Cumarsáide agus Scaipthe ó Institiúidí Staidrimh Náisiúnta i ngach cearn den domhan le chéile chun an dea-chleachtas agus treochtaí nua ó thaobh cumarsáid staidrimh de a phlé. Thug an Chomhdháil deis dúinn aird a tharraingt ar an obair nuálach atá á déanamh laistigh den Oifig chun an raon cumarsáidí staidrimh a leathnú agus chun teacht ar smaointe nua a bhféadfaí feachtais agus cineálacha cur chuige a bhunú orthu amach anseo.</li> </ul>
<p>Inniúlacht inmheánach a chothú le freagairt níos éifeachtúla do na riachtanais sonraí atá ag úsáideoirí</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Glacadh Beartas nua Oifige um Cheannacháin agus Íocaíochtaí a Údarú sa bhliain 2018. I measc na mbeartas a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) bhí Beartas comhdhlúite um Bainistíocht Sonraí ón Oifig, Beartas um Príobháideacht Fostaithe agus Beartas um Staidreamh Oifigiúil agus Cosaint Sonraí ón Oifig.</li> </ul>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Don dara bliain as a chéile, aithníodh Éire mar Thír is Aibí ó thaobh Sonraí Oscailte de as an AE-28. Cuid lárnach den aithint idirnáisiúnta sin is ea Tairseach Sonraí Oscailte na hÉireann ag <a href="https://data.gov.ie/">https://data.gov.ie/</a>. Tá an Oifig freagrach as 4,360 ceann de na 8,867 dtacar sonraí atá foilsithe ar an Tairseach. Éascaíonn an Oifig foilsiú na dtacar sonraí ó 11 cheann eile de ranna agus gníomhaireachtaí earnála poiblí ar an Tairseach.</li> <li>• Sa bhliain 2018, leanadh leis an obair ar thionscadal um Mol Sonraí Staitistiúla Oscailte atá Nasctha le Eurostat a fhorbairt. Tá an tionscadal á sheoladh i gcomhar leis na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta de chuid na Fraince, na hIodáil agus na Bulgáire.</li> </ul>

Tacar feabhsaithe aschuir a fhoilsiú ó Dhaonáireamh 2016

• **Nuashonrú ar an Daonáireamh**

Thug an Oifig faoi Dhaonáireamh Píolótach an 23 Meán Fómhair. Bhí oibríocht allamuigh ar siúl ar feadh 5 seachtaine ceachtar taobh den dáta sin agus ar feadh 10 seachtaine san iomlán. Cuireadh aistriúcháin ar na foirmeacha Daonáirimh Phíolótaigh ar fáil sa Ghaeilge, sa Pholainnis, sa Liotuáinis agus sa Rúisis. Tugadh mionsonraí d’Ionad Pavee faoi na limistéir píolótacha, agus chuir sé an clár píolótach chun cinn i measc a fhoirne agus sholáthair sé teagmhálaithe áitiúla do na limistéir píolótacha.

- Baineadh triail as ceisteanna nua sa Daonáireamh Píolótach lena gcuimsiú féideartha ar fhoirm Dhaonáireamh 2021. Áiríodh leo sin ceisteanna ar Shaoránacht agus ar Eitneacht. Cuireadh an obair sin i gcrích mar chuid den ullmhúchán do Dhaonáireamh 2021. Tionóladh Grúpa Comhairleach Daonáirimh, a raibh a chomhaltas ag teacht le próifíl na bpríomhúsáideoirí sonraí daonáirimh. Mar chuid den chlár píolótach, baineadh úsáid as teicneolaíocht nua ar mhaithe le riarachán allamuigh a fheabhsú.
- Rinne an Grúpa Comhairleach Daonáirimh scrúdú ar na haighneachtaí a fuarthas agus mhol sé ceisteanna nua agus athruithe ar cheisteanna a bhí ann cheana. Cuireadh na nithe sin ar áireamh sa chleachtadh píolótach i mí Mheán Fómhair.
- Tá na torthaí ón gclár píolótach á n-anailísiú faoi láthair. Cuirfidh an Oifig a cuid fionnachtana faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh faoi dheireadh na chéad ráithe den bhliain 2019. Cuirfear an t-inneachar a mhol an Grúpa Comhairleach Daonáirimh do cheistneoir Dhaonáireamh 2021 faoi bhráid an Rialtais sa dara ráithe den bhliain 2019.

Aschur ar chuntais fuinnimh agus timpeallachta a mhéadú agus a fhorbairt

- Foilsíodh saothar nua dar teideal Gabhálacha Éisc 2016 i mí an Mhárta 2018.

Ár staitisticí maicreacnamaíocha a fhorbairt chun tuilleadh eolais a sholáthar ar gheilleagar intíre na hÉireann

- Eisíodh foilseachán nua dar teideal Táirgiúlacht in Éirinn 2016 an 21 Bealtaine 2018. Tá na torthaí sin ina mbunchloch thábhachtach do staidreamh eacnamaíoch agus cabhraíonn siad le húsáideoirí tuiscint a ghnóthú ar an mbealach a bhrúnn saothar, caipiteal agus tosca eile fás geilleagrach chun cinn. Cuireadh na torthaí i láthair ag an gComhdháil Bhliantúil ar an Margadh Saothair de chuid Institiúid Taighde Eacnamaíochta Nevin (an 22 Bealtaine). Thug an Oifig cuireadh d’úsáideoirí ag an gcomhdháil, agus d’úsáideoirí ó gach cuid den mhórphobal anailísithe, páirt ghníomhach a ghlacadh san aschur nua seo.
- Foilsíodh na torthaí bliantúla Ioncaim agus Caiteachais Náisiúnta (ollioncam náisiúnta\* san áireamh) don bhliain 2017. Tugtar sna torthaí sin faisnéis níos deifnídí agus níos mionsonraithe faoin ngeilleagar. Áirítear leo mionsonraí nua faoi íocaíochtaí dleachta chun cabhrú le húsáideoirí a thuiscint cén tionchar a imríonn an domhandú ar staitisticí maicreacnamaíocha.

		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Foilsíodh tacar tábhachtach torthaí ar phinsin an 20 Aibreán 2018 nuair a eisíodh an foilseachán bliantúil nua dar teideal “Meastacháin Dhliteanais Pinsin na hÉireann 2015”. Áirítear leis an bhfoilseachán nua anailís ar scéimeanna cistithe agus ar scéimeanna atá faoi bhainistíocht an Rialtais. Áirítear leis freisin na torthaí do dhá choincheap um dhliteanais phinsin a ríomh, is iad sin: dliteanais atá fabhráithe go dtí seo agus dliteanais chórais oscailte (ar ina leith a chuirtear dliteanais phinsin amach anseo san áireamh).</li> </ul>
<p><b>Ábharthacht na sonraí a chinntiú agus a n-úsáid a chur chun cinn</b></p>	<p>Riachtanais custaiméirí a shainaithint agus freastal orthu go réamhghníomhach</p> <p>Feabhas a chur ar chumarsáid agus rochtain ar ár dtáirgí staitistiúla agus a n-úsáid a chur chun cinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Rinne an Oifig óstáil ar sheimineár dar teideal An Domhandú in Éirinn: An Tionchar ar Chuntais na hÉireann a Thuiscint. Ba é aidhm an tseimineáir súil níos doimhne a chaitheamh ar an domhandú agus sonraí faoin domhandú a mhíniú dár n-úsáideoirí, mar aon le deis a thabhairt d’úsáideoirí a gceisteanna féin a chur ar na topaicí sin.</li> <li>• Cuireadh Grúpa Idirchaidrimh nua um Staidreamh Tithíochta ar bun sa bhliain 2018. Gníomhóidh an Grúpa mar fhóram díospóireachta ar nithe a bhaineann le Staidreamh Tithíochta agus cabhróidh sé le tuiscint a mhéadú ar na modheolaíochtaí atá ann cheana nó ar aon athruithe modheolaíochta atá beartaithe.</li> <li>• I mí Mheán Fómhair, rinne an Oifig óstáil ar thoscaireacht ó Chúba maidir leis an trádáil idirnáisiúnta i seirbhísí. Eagraíodh an chuairt faoi chlár de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil mar aidhm leis saineolas a chomhroinnt agus thug an toscaireacht cuairt ar Éirinn agus ar an Spáinn.</li> <li>• Seoladh féiniúlacht amhairc nua don Oifig i mí Eanáir 2018, rud a léiríonn an cur chuige nua-aimseartha inrochtana a ghlactar i leith Staidreamh Oifigiúil a chur in iúl agus a scaipeadh. Is dea-leabaithe atá an fhéiniúlacht sin anois.</li> <li>• Táirgeadh níos mó ná 50 grafaic faisnéise nua, lena áiríodh ábhar ar chríochnú aonad cónaithe nua, ar chruinniú domhanda na dteaghlach agus ar gheilleagar na hÉireann.</li> </ul>
	<p>Úsáid mhicreashonraí ar mhaithe le taighde staitistiúla a éascú tuilleadh</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ón 1 Eanáir 2018 i leith, tá gach taighdeoir as an láithreán ag baint úsáid as an Tairseach Sonraí Taighde chun comhaid mhicreashonraí taighde ón Oifig a rochtain.</li> <li>• Rinne an Grúpa Athbhreithnithe um Chomhaid Mhicreashonraí Taighde athbhreithniú iomlán ar na próisis atá ar bun le haghaidh comhaid mhicreashonraí taighde agus chuir sé sraith moltaí faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta ina leith. Tá sé beartaithe na moltaí ceadaithe ón nGrúpa Athbhreithnithe a chur chun feidhme sa bhliain 2019. Tá sé beartaithe freisin go mbeidh gach taighdeoir ar an láithreán ag baint úsáid as an Tairseach Sonraí Taighde chun comhaid mhicreashonraí taighde ón Oifig a rochtain ó mhí Aibreáin 2019 i leith.</li> </ul>

Cuspóir Straitéiseach 2		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2018
Cuir le húsáid foinsí tánaisteacha	Leas a bhaint as sonraí riaracháin i gcónaí chun staidreamh oifigiúil a sholáthar	<ul style="list-style-type: none"> <li>Síníodh meabhráin tuisceana leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le Líonraí BSL, leis an Roinn Tithíochta agus le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA).</li> <li>Chuir an Oifig tús le tuarascálacha cothrománacha a fhoilsiú, áit a n-úsáideann sí foinsí sonraí riaracháin agus tánaisteacha chun bearnaí tábhachtacha a líonadh ar mhaithe le bonn eolais a chur faoin mbeartas agus faoin bplé poiblí e.g. an tuarascáil Torthaí Ardoideachais 2010-2014.</li> <li>Tá roinnt tionscadal taighde i réimse na Mórshonraí ar bun ag an Oifig. Oibrímid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe sa phobal staidrimh idirnáisiúnta ar na tionscadail sin chun foghlaim óna chuid eispéireas (e.g. sonraí scanóra, sonraí teileachumarsáide, íomhánna satailíte agus sonraí lúb tráchta);</li> <li>Cuid lárnach d'fhorbairt an chórais riaracháin ar fud na Státseirbhíse is ea Gníomh 24 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse (Feabhas a chur ar an gcaoi a mbailítear sonraí, a ndéantar bainistíocht ina leith agus a scaiptear iad). Tairbhí iartheachtach a bheidh i Staidreamh Oifigiúil. Táimid ag déanamh dul chun cinn i ngach réimse agus is cuspóir ar leith é feasacht a mhéadú ar a thábhachtaí atá Bonneagar Sonraí Náisiúnta do chórais riaracháin na hÉireann.</li> </ul>
	Acmhainneacht Mórshonraí ó thaobh staidreamh oifigiúil a thiomsú de a iniúchadh agus leas a bhaint astu dá réir	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cuireadh obair shuntasach i gcrích ar fud na hOifige, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar Mheasúnuithe Riachtanas agus Comhréireachta, ar Mheasúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCsanna) agus ar Fhógraí Trédhearcachta, mar aon le hoiliúint a sholáthar ar fud na heagraíochta sa RGCS.</li> </ul>
	An Bonneagar Sonraí Náisiúnta (NDI) a úsáid chun táirgí staitistiúla nua agus cinn feabhsaithe a fhorbair	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rinneadh meastacháin daonra PECADO (Meastachán Daonra arna Thiomsú ó Shonraí Riaracháin Amháin) a eisiúint (lena n-áirítear nótaí modheolaíochta mionsonraithe agus léirshamhlú idirghníomhach) mar chuid de Sheimineár Sonraí Riaracháin a cuireadh ar siúl i mí na Nollag 2019. Cuirfear na haschuir sin ar áireamh sa réimse nua staitisticí turgnamhacha ar shuíomh Gréasáin na hOifige agus é ar bun.</li> <li>Cuireadh ar áireamh sa seimineár freisin mír ina dtaispeántar an acmhainneacht a bhaineann le hÉirchóid trí roinnt comháireamh riaracháin arna n-imdhealú de réir toghranna a chur i láthair.</li> <li>Tá páirt glactha againn i gcomhthionscadail taighde le Comhlachtaí Earnála Poiblí as ar tháinig anailís staidrimh agus táirgí staidrimh nua.</li> </ul>

Cuspóir Straitéiseach 3		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2018	
Inniúlacht a chothú inár ndaoine	<p>Cultúr d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil a chur chun cinn chun a chinntiú go n-oibríonn baill foirne ar bharr a gcumais agus go bhfuil páirt ghníomhach acu i spriocanna na hOifige a bhaint amach</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2018 ar an obair ar Chreat Oilíúna Staidrimh na hOifige. Foilsíodh an Creat agus an beartas sa bhliain 2018. Áirítear leis 13 cheannteideal scileanna staidrimh le haghaidh gach céime den tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó faoi na leibhéil seo: Leibhéal Tosaigh, Bonnleibhéal, Bunleibhéal, Meánleibhéal agus Ardleibhéal. Foilsíodh é i gcomhar leis an nGrúpa Ardleibhéal chun Táirgeadh agus Seirbhísí Staidrimh a Nuachóiriú de chuid na Náisiún Aontaithe. Táimid ag tástáil foirmeacha sonraíochta róil faoi láthair mar bhonn le conairí aonair foghlama staidrimh a dhearadh.</li> <li>Cuireadh in iúl don Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, go luath sa bhliain 2019 gur éirigh leis an iarratas a rinne sé chuig Bord na Máistreacht Eorpaí sa Staidreamh Oifigiúil ar chlár Máistreacht Eorpaí sa Staidreamh Oifigiúil a sholáthar in Éirinn.</li> <li>Tá an Oifig ag obair go rathúil leis an bhForas Riaracháin chun leanúint leis an Diplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil do Mheastóireacht Beartais a sholáthar. Tá an cúrsa á reáchtáil ó bhí an bhliain 2012 ann. Bronnadh an diplóma ar shé dhuine is tríocha sa bhliain 2018 agus tá 39 nduine eile rollaithe don bhliain acadúil 2018/2019</li> </ul>	
	<p>Feidhm acmhainní daonna straitéiseach a chothú chun teacht go hiomlán le riachtanais gnó na hOifige agus iad ag athrú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tugadh faoi chlár suntasach gníomhaíocht earcaíochta sa bhliain 2018 chun freastal ar na héilimh sholáthar foirne ag gráid theicniúla, speisialtóra agus ghinearálta san Oifig. Chuimsigh sé sin comórtais inmheánacha agus comórtais oscailte araon, lenar áiríodh: <ul style="list-style-type: none"> <li>Comórtais oscailte agus inmheánacha do Staitisteoirí Sinsearacha</li> <li>Comórtas oscailte do Staitisteoirí</li> <li>Comórtais oscailte do phoist mar Agallóirí Suirbhé réigiúnacha</li> <li>Comórtas oscailte do phost mar Ailtire Sonraí TF ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta agus do phost mar Phríomhoifigeach i réimse TFC</li> <li>Comórtas oscailte do phost mar Dhearthóir Grafaicí ar leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin</li> <li>Comórtais inmheánacha do phoist mar Phríomhoifigeach Cúnta agus mar Oifigeach Feidhmiúcháin</li> </ul> </li> </ul>	

- Reáchtáil an Oifig clár an-rathúil socrúcháin chéimithe sa bhliain 2018. Rinneadh earcaíocht ar fud cúig shruth (Staidreamh/ Eacnamaíocht/ Anailísiú Sonraí; Teicneolaíocht Faisnéise; Ilmheáin/ Dearadh Grafach/ Margaíocht Dhigiteach; Eolaíocht Comhshaoil; Acmhainní Daonna/Airgeadas/ Gnóthaí Dí/Próiseáil Gnó). Ghlac naoi gcéimí is tríocha le post san Oifig agus ghlac beirt eile le post i Ranna eile Rialtais.
- Cuireadh tús sa dara leath den bhliain 2018 le Straitéis Foirne nua na hOifige a fhorbairt. Tá próiseas fairsing comhairliúcháin foirne ar bun. Táthar ag súil go bhfoilseofar an straitéis sa dara ráithe den bhliain 2019.
- Foilsíodh beartas Oifige um shoghluaisteacht inmheánach mar aon le beartas um shocrúchán sealadach chuig dualgais níos airde.
- Cuireadh tús sa bhliain 2018 le hobair ar shamhail oibriúcháin nua acmhainní daonna a fhorbairt, rud a léireodh dearcadh níos straitéisí acmhainní daonna a mbeadh an lucht gnó mar chomhpháirtithe ann agus a léireodh an fhreagracht mhéadaithe atá ar fhórsa saothair allamuigh na hOifige don lucht bainistíochta Acmhainní Daonna.
- Sholáthair an Oifig oiliúint i gclaonadh neamh-chomhfhiosach do gach ball dár mboird agallaimh. Ba é saineolaí i réimse Chearta an Duine a sholáthair an oiliúint sin. Tá an Oifig lántiomanta don chomhionannas agus do thacú le cláir Rialtais a bhfuil mar aidhm leo an chothromaíocht inscne a fheabhsú, go háirithe maidir le dul i ngleic leis an ngannionadaíocht ag Gráid Ardbhainistíochta.
- Sa bhliain 2017, chuir 5.7% d'fhostaithe na hOifige in iúl go bhfuil siad faoi mhíchumas. Is mó an figiúr sin ná an sprioc 3% a shocraigh an Státseirbhís. Tá Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais ag an Oifig. Is é ról an Oifigigh sin tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe agus a chinntiú go mbíonn an Oifig ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá uirthi faoi Chód Cleachtais na Státseirbhíse maidir le Daoine faoi Míchumas a Fhostú.
- Tá páirt glactha ag an Oifig sa chlár socrúcháin chéimithe 'Meantóireacht, Toilteanach, Ábalta' (WAM) ar fhorbairt an Cumann um Rochtain Ardoideachais agus Míchumas (AHEAD) é. Bronnadh Dámhachtainí Ceannaire WAM ar an Oifig dhá uair le 5 bliana anuas.

Clár rannpháirtíochta agus nuálach foirne ar fud na heagraíochta a chur i bhfeidhm

- Chuir an Bord Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta an dara bliain dá chuid oibre i gcrích. Soláthraíodh roinnt tionscadal nuálach ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal na heagraíochta mar chuid dá chlár.

Leanúint orainn ag cruthú timpeallacht dhearfach oibre ag moladh tiomantas leanúnach don eagraíocht

- An Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse: An 28 Márta, foilsíodh torthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse don bhliain 2017. Ghlac 50 eagraíocht agus 21,365 státseirbhíseach páirt sa suirbhé, ar reáchtáil an Oifige é. Ba é 56% ráta freagartha na Státseirbhíse. B'ionann ráta freagartha na hOifige agus 81%, 9 bpointe céatadáin níos airde ná an ráta sa bhliain 2015.
- Cuireadh torthaí na hOifige sa Suirbhé i láthair na rannóg uile agus cuireadh i láthair an Bhoird Bhainistíochta agus an Ghrúpa Ardbhainistíochta iad freisin. Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin leis na baill foirne go léir den Oifig. Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ón bhfoireann, tugadh plean gníomhaíochta chun críche agus cuireadh faoi bhráid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse é.
- Tá sé beartaithe go mbeidh Bord Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta na hOifige ar an bpríomh-mheán trína ndéanfar dul chun cinn ar ghníomhartha ábhartha na hOifige. Tá an Bord é féin ina thoradh ar an gcéad Suirbhé.

Cuspóir Straitéiseach 4		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2018
<p><b>Cur le seasmhacht ár bpróiseas agus ár gcóras staitistiúla</b></p>	<p>Clár uailmhianach athchóirithe a chur i bhfeidhm ar ár bpróisis agus ar ár gcórais staitistiúla bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta, an tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó (GSBPM).</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An Creat Bainistíochta Cáilíochta Tá an-dul chun cinn déanta ar na tacair shonraí staidrimh a stóráil i stórais aitheanta sonraí corparáideacha arna n-aicmiú de réir na céime den tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó. Cuirfear an obair sin i gcrích faoin gcéad ráithe den bhliain 2019.</li> <li>• Taisceadh 86% de na doiciméid phróisis staidrimh leis an gCóras Faisnéise Cáilíochta i bhformáid atá ag teacht leis an tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó. (900 ceann de dhoiciméid agus de lámhleabhair). Tá obair á déanamh chun lánchomhlíonadh a bhaint amach. Beifear ag cur tús ar ball le píosa oibre a bhfuil sé mar aidhm leis cáilíocht na ndoiciméad arna gcur isteach a mheasúnú.</li> <li>• <b>Forbairt an Chláir Ghnó:</b> Tá an Oifig ag iarraidh an t-ardán don chlár gnó a nuachóiriú, rud a bheidh bunaithe ar shonraíocht fheidhmiúil atá faoi thionchar an ghnó agus a bheidh ar aon dul le haitireacht straitéiseach na hOifige, chun go soláthrófaí an fheidhmiúlacht bhreise a theastaíonn ó gach ceann de na réimsí gnó geallsealbhóra.</li> <li>• <b>Bunathrú an Staidrimh Ghnó chun Feabhais:</b> D'éirigh leis an Stiúrtóireacht um Staidreamh Gnó atheagrú a cuid oibre a chur i gcrích sa bhliain 2018. Ba é a bhí i gceist leis an obair sin an rannóg um staidreamh gnó san Oifig (120 ball foirne) a atheagrú agus próiseáil a dhéanamh ar fheabhsuithe ar bhailiú, ar eagarthóireacht agus ar chéimeanna eile de staidreamh gnó a thiomsú.</li> </ul>



	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Anailís Riachtanas Úsáideora don Chlár Gnó:</b> Rinneadh anailís riachtanas úsáideora don chlár gnó sa tréimhse 2017/18. Iniúchadh inti na riachtanais atá ann maidir leis na nithe seo: foinsí sonraí (lena n-áirítear úsáid níos mó a bhaint as sonraí riaracháin), nascáil sonraí idir topaicí staidrimh, deireadh a chur le stórais aonraithe sonraí, feabhas a chur ar cháilíocht sonraí, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua tomhais (e.g. faisnéis maidir leis an domhandú, le fiontair bheaga agus mheánmhéide, le trádáil, etc.) agus comhlíonadh a dhéanamh ar oibleagáidí a leagann an tAontas Eorpach síos faoin gCreat-Rialachán maidir le Comhtháthú Staidrimh Gnó (FRIBS). Féachadh sa chéim sin freisin ar an eispéireas a bhí ag oifigí staidrimh náisiúnta eile.</li> </ul>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Sonraíocht Fheidhmiúil an Chláir Ghnó:</b> Ag teacht sna sála ar an anailís riachtanas úsáideora, cuireadh de chúram ar fhoireann chomhpháirteach gnó agus TF na riachtanais feidhmiúla don chlár gnó a ullmhú i gcomhairle le gach réimse geallsealbhóra ábhartha de chuid na hOifige (lena n-áirítear cuntais náisiúnta, comhardú na n-íocaíochtaí, trádáil, agus iompar).</li> </ul>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Chun leanúint le riachtanais ár gcláir aschur staidrimh a chomhlíonadh, táthar ag ionadú an tsocraithe óstála Gréasáin reatha atá i bhfeidhm idir an Oifig agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.</li> </ul>
